Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2011*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Gnáthleibhéal*

## *Roinn A (60 marc)*

**Dé hAoine, 17 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 - 5.00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** ____________


# **ROINN A – Croíréimsí Staidéir –** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo

**A-1.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos bosca teileafóin traidisiúnta Éireannach.

Taispeántar foireann aiseanna isiméadracha agus líníocht neamhchríochnaithe den bhosca ar dheis.
Tá ingearchló agus bonnchló an bhosca suite i gcoibhneas leis na haiseanna mar a thaispeántar.

Críochnaigh an teilgean aismhéadrach.





**A-3.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos an droichead is nua i mBaile Átha Cliath atá i bhfoirm leath-pharabóile.

Taispeánann an líníocht ar dheis dronuilleog **ABCV** agus cuid den pharabóil inscríofa intí.

**(a)** Aimsigh an chuid eile de na pointí ar an gcuar agus críochnaigh an leath-pharabóil.

**(b)** Tarraing an leath íochtarach den pharabóil a léiríonn an scáil san uisce, mar a thaispeántar thíos.








**A-2.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos bosca poist. Taispeántar bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe an bhosca ar dheis.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló.

**(b)** Tarraing cló cúnta den bhosca, ar an $X_1Y_1$ a thugtar, a thaispeánfaidh an fhíoruillinn idir na dromchlaí **A** agus **B**.









**A-4.** Taispeánann an ghrafaic 3D thíos trí choinneal agus iad i dteagmháil le chéile. Is é atá sa leagan amach ná cón agus dhá shorcóir. Tá na trí choinneal uile ina luí ar an bplána cothrománach.

Taispeánann an líníocht ar dheis bonnchló agus ingearchló an chóin **A**. Taispeántar an sorcóir **B** sa bhonnchló agus an sorcóir **C** san ingearchló.

**(a)** Tarraing ingearchló an tsorcóra **B**.

**(b)** Tarraing bonnchló an tsorcóra **C**.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

